# Seirbhís Iarnróid san Iarthar

Eochairfhocail: Iarnród, infheistíocht, tuarascáil, athoscailt, athbhreithniú, maoiniú

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cén fáth ar cuireadh deireadh leis an tseirbhís laethúil iarnróid idir Luimneach agus Sligeach sna 1970idí?
2. Cathain ar cuireadh tús leis an bhfeachtas West On Track?
3. Cén aidhm a bhí leis an bhfeachtas?
4. Cad is ainm don aerfort a bheadh ar cheann de na stadanna ag an líne traenach seo?
5. Cad a chuir an Rialtas le chéile idir na blianta 2005 agus 2011?
6. Cérbh iad an dá bhaile ar an líne a bhí mar chuid de chéim a haon den athoscailt?
7. Cad a léirigh tuairisc de chuid na Roinne Iompair sa bhliain 2021?
8. Cad a mhol an tAthbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin sa bhliain 2023?
9. Cad a d’fhógair an tAire Stáit sa Roinn Iompair Seán Canney le gairid?
10. Cad a tharla sa bhliain 2010, dar le Pádraig Ó Cathain?

Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Gníomhaíocht Smaointeoireachta: críochnaigh an abairt

**Féach ar an bhfíseán arís agus críochnaigh na habairtí seo a leanas**

| | |
|---|---|
| Sa bhliain 2000 thaistil an traein lastais dheireanaigh idir | do 2040 |
| Theastaigh ó lucht West On Track | le hathoscailt na líne traenach a mheas |
| Thar na blianta rinne cuid mhaith grúpaí na féidearthachtaí maidir | conair iarnróid a oscailt leis an Iarthar ar fad a cheangal le chéile |
| Sa bhliain 2006 d'fhógair an Rialtas maoiniú do | gur cheart smaoineamh ar an gcuid eile den líne a iompú ina bhealach rothaíochta nó ina bhealach glas |
| Bhí athoscailt na líne mar chuid de Phlean Forbartha Náisiúnta na tíre | ó 2007 go 2013 |
| Chosain céim a haon den togra athoscailte | Béal an Átha i Maigh Eo agus Luimneach |
| Níor luadh an líne traenach ar chor ar bith sa Phlean Náisiúnta Forbartha | go raibh cás láidir ann leis an líne a athoscailt |
| Mhol tuairisc ón Roinn Iompair sa bhliain 2021 | n-institiúidí san Eorpaip a dhíriú ar thograí ar nós Chonair Iarnróid an Iarthair |
| Cheap an t-eacnamaí John Bradley | 106.5 milliún Euro |
| Tháinig toscaireacht ón Aontas Eorpach go hÉirinn i mbliana agus bhí sé mar aidhm acu aird na | chéim a haon den togra, sé sin, líne traenach idir Inis agus Béal Átha an Rí |

Gníomhaíocht Labhartha: Logainmneacha

**Luaitear an-chuid logainmneacha sa mhír nuachta seo. Ag obair le do pháirtí ranga féachaigí ar an mír nuachta arís agus críochnaigí na tascanna seo a leanas.**

Breacaigí síos na logainmneacha atá i gcontae na Gaillimhe agus a luaitear sa mhír nuachta:

Breacaigí síos na logainmneacha atá ai gcúige Mumhan agus a luaitear sa mhír nuachta:

Breacaigí síos na logainmneacha atá i gcontae Mhaigh Eo agus a luaitear sa mhír nuachta:

Breacaigí síos deich gcinn de logainmneacha Gaeilge atá in bhur gcontae féin:

Cén bunús atá ag logainmneacha bhur gceantar féin:

# Freagraí

1. Mar go raibh infheistíocht á díriú ar bhóithre na tíre
2. Sa bhliain 2003
3. Go mbeadh traein ar fáil ó Luimneach suas chomh fada le Sligeach ag úsáid na seanlínte
4. Aerfort Chnoc Mhuire
5. Grúpaí oibre leis na féidearachtaí a bhain le hathoscailt na líne a mheas
6. Inis agus Baile Átha an Rí
7. Nach raibh sé inmharthana an chuid eile den líne traenach a athoscailt
8. Gur cheart athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an líne
9. Go bhfuil maoiniú ar fáil anois don phíosa den líne idir Béal Átha an Rí agus Clár Chlainne Mhuiris agus gur togra é a bhfuil gluaiseacht faoi anois
10. Osclaíodh an chéad chuid den bhealach as Luimneach go Gaillimh

- Sa bhliain 2000 thaistil an traein lastais dheireanaigh idir Béal an Átha i Maigh Eo agus Luimneach
- Theastaigh ó lucht West On Track conair iarnróid a oscailt leis an Iarthar ar fad a cheangal le chéile
- Thar na blianta rinne cuid mhaith grúpaí na féidearthachtaí maidir le hathoscailt na líne traenach a mheas
- Sa bhliain 2006 d'fhógair an Rialtas maoiniú do chéim a haon den togra, sé sin, líne traenach idir Inis agus Béal Átha an Rí
- Bhí athoscailt na líne mar chuid de Phlean Forbartha Náisiúnta na tíre ó 2007 go 2013
- Chosain céim a haon den togra athoscailte 106.5 milliún Euro
- Níor luadh an líne traenach ar chor ar bith sa Phlean Náisiúnta Forbartha do 2040
- Mhol tuairisc ón Roinn Iompair sa bhliain 2021 gur cheart smaoineamh ar an gcuid eile den líne a iompú ina bhealach rothaíochta nó ina bhealach glas
- Cheap an t-eacnamaí John Bradley go raibh cás láidir ann leis an líne a athoscailt
- Tháinig toscaireacht ón Aontas Eorpachgo hÉirinn i mbliana agus bhí sé mar aidhm acu aird na n-institiúidí san Eorpaip a dhíriú ar thograí ar nós Chonair Iarnróid an Iarthair